# An Timpeallacht Gheilleagrach

Tugann raon leathan táscairí maidir le caiteachas agus gníomhaíocht intíre le fios go leanann gníomhaíocht eacnamaíoch na hÉireann de bheith ag leathnú ar luas rathúil cé go bhfuil cuid den fhuinneamh imithe as an bhforás sa chéad leath den bhliain. Tá sé casta neart an gheilleagair a mheas mar gheall ar na héiginnteachtaí a bhaineann le OTI agus OTN mar thomhais iontaofa ar ioncam agus ar tháirgeacht intíre. Ar a shon sin, tugann formhór leathan na sonraí sa chéad leath den bhliain le tuiscint go bhfuil lagú áirithe tagtha ar an ngníomhaíocht sheachtrach, agus go bhfuil an fás ar an éileamh intíre maolaithe freisin. Tríd is tríd, meastar go dtiocfaidh moilliú neamhthoirtéiseach ar an bhfás i mbliana i gcoibhneas leis na hionchais roimhe seo. Ag féachaint romhainn, meastar go dtiocfaidh maolú breise ar an bhfás in 2017. Beidh tosca intíre taobh thiar d'fhormhór an fháis thar thréimhse na réamhaisnéise, agus eascróidh aon rioscaí don ionchas as tosca seachtracha.

I bhfianaise na bhfadhbanna a bhaineann le ciall a bhaint as príomhthomhais na gCuntas Náisiúnta, is gá breathnú ar tháscairí níos iontaofa caiteachais agus gníomhaíochta, seachas breathnú díreach ar fhigiúirí príomha OTI agus OTN, chun tomhas níos beaichte a fháil ar an leibhéal gníomhaíochta sa gheilleagar intíre. Tugann na táscairí seo le tuiscint go bhfuil moilliú éigin tagtha ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch, cé go leanann sí de bheith ag leathnú ar luas sách rathúil. Tá na comharthaí i ndáil le caiteachas tomhaltóirí measctha ach tugann trom na fianaise ó raon táscairí le fios nach bhfuil ach moilliú an-bheag tagtha air agus go bhfuil méaduithe láidre ar fhostaíocht agus ar thuilleamh ag tacú le caiteachas tomhaltóirí. Ó thaobh na hinfheistíochta de, cé go bhfuil méadú tagtha ar an gcomhiomlán foriomlán, bhí sé seo á spreagadh don chuid is mó ag an méadú láidir ar infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe, mar aon le maolú áirithe ar na gnéithe intíre. De thoradh na bhforbairtí seo, tháinig maolú ar an bhfás ar an mbunéileamh intíre sa chéad leath de 2016, lena n-eisiatar infheistíocht i sócmhainní doláimhsithe agus in aerárthaí. Cé go bhfuil maolú áirithe ag teacht ar luas an fháis ar an taobh intíre den gheilleagar, is cosúil go bhfuil an moilliú sin neamhthoirtéiseach i gcónaí.

I dteannta leis na héiginnteachtaí atá ann in éagmais tomhais chomhaontaithe, shuntasaigh ar ghníomhaíocht eacnamaíoch na hÉireann, tá sé níos casta fós an t-ionchas don gheilleagar a mheas mar gheall ar na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheadh ag Brexit ar Éirinn. I bhfianaise an dlúthghaoil idir geilleagar na hÉireann agus geilleagar na RA, d'fhéadfadh moilliú ar fhás na RA agus lagú steirling in aghaidh an euro difear díobhálach a dhéanamh do na hearnálacha sin a bhíonn ag brath go mór ar onnmhairí chuig an RA.

Rinne an Banc athbhreithniú ar a réamhaisnéis fáis do gheilleagar na hÉireann do na blianta 2016 agus 2017 ina Fhaisnéis Ráithiúil dheireanach chun na hábhair imní sin a léiriú. Idir an dá linn, tá measúnú níos dóchasaí tagtha in áit na himní tosaigh a bhain le Brexit, i bhfianaise sonraí eacnamaíocha níos dearfaí sa RA agus i bhfianaise na timpeallachta beartais réidh. Cé go mbreithnítear uaidh seo nach mbeadh sé iomchuí, ag an bpointe seo, coigeartú diúltach breise a dhéanamh ar na réamhaisnéisí de thoradh Brexit, d'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha maicreacnamaíocha, airgeadais agus margaidh airgeadra teacht chun cinn go tapa athuair. Sna himthosca sin, is léir go mbaineann rioscaí ar an taobh thíos leis na réamhaisnéisí is deireanaí (féach Bosca B, leathanach 15).

Ag féachaint romhainn, beidh an t-éileamh intíre taobh thiar d'fhormhór an fháis i mbliana. Tá an t-ionchas don fhás ar thomhaltas agus ar chaiteachas infheistíochta láidir i gcónaí, cé go meastar go maolóidh rátaí fáis thar thréimhse na réamhaisnéise. Tháinig fás 5.0 faoin gcéad nach mór ar an mbunéileamh intíre in 2015 fad a mheastar go dtiocfaidh fás 4 faoin gcéad nach mór air i mbliana agus moilleoidh an fás

sin go dtí 2.7 faoin gcéad in 2017. Léiríonn an moilliú measta do 2017 díchornadh roinnt de na tosca dearfacha a chuir leis an méadú ar ioncam indiúscartha i mbliana, mar aon le roinnt de na héifeachtaí díobhálacha ó Brexit. Ar an taobh seachtrach, baineann éiginnteacht shuntasach maidir leis an ionchas d'onnmhairí, i bhfianaise na luaineachta a bhaineann leis na sonraí is déanaí agus i bhfianaise éifeachtaí ionchasacha Brexit. Faoi réir na *caveats* seo, meastar go maolóidh an fás ar onnmhairí thar thréimhse na réamhaisnéise.

Ag féachaint do na forbairtí agus na hionchais ó foilsíodh an Fhaisnéis Ráithiúil dheireanach, meastar sa réamhaisnéis is deireanaí go mbeidh an fás ar OTI beagán níos ísle in 2016 agus go mbeidh sé gan athrú in 2017, i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin roimhe seo. Meastar anois go mbeidh fás 4.5 faoin gcéad ar OTI in 2016, is é sin le rá 0.4 faoin gcéad níos ísle ná an réamh-mheastachán roimhe seo, rud a léiríonn an cion seachtrach níos ísle. Meastar go moilleoidh fás OTI go dtí 3.6 faoin gcéad in 2017, rud a léiríonn an coigeartú diúltach gan athrú arna chuimsiú san Fhaisnéis Ráithiúil dheireanach i ndáil le Brexit. Is léir gur rioscaí ar an taobh thíos iad na rioscaí do na réamh-mheastacháin seo, rud a léiríonn an fhéidearthacht go bhféadfadh tionchar níos dochraí a bheith ag Brexit ar gheilleagar na RA ná mar a mheastar faoi láthair, go bhféadfadh éifeacht iarmhartach níos mó a bheith aige ar an ngeilleagar idirnáisiúnta níos leithne nó go bhféadfadh éifeachtaí níos diúltaí a bheith aige ar an muinín intíre agus ar mhargadh an tsaothair ná mar a cuireadh san áireamh sna réamhaisnéisí seo.

I bhfianaise na rioscaí seo, ba cheart go ndéanfaí beartais a dhíriú ar bhonn taca a chur faoi chobhsaíocht agus ar éiginnteacht a laghdú. Tá Éire neamhchosanta mar gheall ar iarmhairtí na n-ardleibhéal fiachais san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, mar gheall ar leochaileacht geilleagar beag oscailte i leith turraingí idirnáisiúnta agus mar gheall ar leochaileachtaí a bhaineann le Brexit. Sa cháil sin, tá straitéis fhioscach stuama riachtanach i bhfianaise na lúb aisfhotha idir cobhsaíocht fhioscach, cobhsaíocht airgeadais agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch. Chun bonn taca a chur faoi straitéis den sórt sin, bheadh sé inmhianaithe spriocanna fadtéarmacha a bhunú, ar spriocanna iad a bheadh ag freagairt go cuí do neamhchosaintí na hÉireann ar riosca, a bheadh stóinsithe ó thaobh saincheisteanna staidrimh agus lena bhféadfaí cinntí bliantúla buiséadacha a dhaingniú. Dá mhéad an tiomantas do ghnóthú na spriocanna sin is ea is fearr a fhéadfar beartas fioscach solúbtha, fritimthriallach a chur ar bun chun freagairt do thurraingí sealadacha.

De thoradh luaineacht thomhais phríomha na gCuntas Náisiúnta, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le hidirdhealú a dhéanamh idir tionchair shealadacha agus tionchair bhuana ar chonairí ioncaim agus caiteachais sa todhchaí. Cé go bhfuil sé níos deacra an bhunchonair d'ioncam cánach a ríomh mar gheall ar na héiginnteachtaí a bhaineann le fás eacnamaíoch a thomhas, bheadh sé stuama glacadh leis go bhfuil codán éigin den bhorradh a chonacthas le déanaí faoin ioncam cánach corparáide sealadach.